Baile na hAbhann,
Co. na Gaillimhe,
H91 X4T0

An Comhchoiste Gaeilge agus Gaeltachta
17 Aibreán 2024

**An Taithí Oibre agus na hIntéirneachtaí atá ar fáil do Chéimithe tríú leibhéal i TG4 – na féidearthachtaí agus na deiseanna a bhaineann leis na hIntéirneachtaí sin.**

**Ráiteas Tosaigh TG4**

Go raibh maith agaibh as bualadh linn inniu maidir le na deiseanna Intéirneachtaí atá ar fáil ag TG4 agus an fhís atá againn maidir le forbairt earnála.

**Cúlra**

Tá forbairt ar shruth tallainne le Gaeilge san earnáil chruthaitheach ag croílár Straitéis TG4. Ó bunaíodh an cainéal in 1996, tá daoine cumasacha tagtha chun cinn i ngach réimse den ghnó, agus a rian le feiceáil ar scáileáin go náisiúnta agus go h-idirnáisiúnta.
Tá aitheantas ar leith ag dul do Údarás na Gaeltachta freisin as a bheith ceannródaíoch i bhforbairt na h-earnála Meán Gaeilge. Agus tá súil againn gur féidir borradh breise a chuir faoi chothú tallainne le Gaeilge sa tréimhse romhainn, tríd straitéis aontaithe idir TG4, Údarás na Gaeltachta agus Fís Éireann.

**Intéirneachtaí ag TG4**

Aithníonn TG4 go bhfuil sé ana thábhachtach do dhaoine atá ag tosú amach sa ghnó taithí phraiticiúil a fháil. Is tríd an taithí phraiticiúil is mó atá foghlaim le déanamh.
Chuige seo, gach bliain i Mí Bealtaine, fógraíonn TG4 Scoláireachtaí Taithí Oibre. Tógtar 8 isteach le oibriú trasna réimsí éagsúla, Meán Sóisialta, Teicniúla agus Léiriúcháin. Go dtí seo tá taithí oibre curtha ar fáil do suas le 30 duine i TG4 ó 2018 i leith maraon le beirt phrintíseacht. Tá áthas orainn go mbeidh deis agaibh bualadh le cuid acu ag an seisiún seo inniu.

Mar chraoltóir-foilsitheoir, tá TG4 tiomanta freisin chun deiseanna a chur ar fáil ins an earnáil neamhspleách léiriúcháin. Ó 2019, tá scéim Oiliúna rathúil idir lámha ag TG4 le Údarás na Gaeltachta agus le Comhlachtaí Léirithe Neamhspleách. Tá an 4ú bliain den Scéim Oiliúna seo á rith i mbliana agus go dtí seo tá suas le 40 duine tagtha tríd an scéim, agus taithí faighte acu in 18 comhlacht Gaeltachta / Gaeilge. Cuirtear fostaíocht bliana ar fáil le comhlachtaí léirithe maraon le bunchloch meantóireachta ó Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) ag leibhéal 8 NFQ.

**Fís Forbartha na hEarnála: Aonad Forbartha na Meán Ghaeilge**

Cé go bhfuil beartais dearfacha ar bun ag eagrais éagsúla, le h-oiliúint agus forbairt a dhéanamh ins na Meáin Ghaeilge, tá go leor de na beartais seo ag feidhmiú 'ad hoc' agus neamhspleách ar a chéile. Creideann TG4 go bhfuil deis ann borradh a chuir faoi traenáil agus oiliúint ins na Meáin Ghaeilge tríd straitéis aontaithe idir TG4, Údarás na Gaeltachta agus Fís Éireann a fhéachfadh le acmhainní a threisiú agus a threorú ar bhealach tairbheach don earnáil Ghaeilge. Molann muid go gcruthófaí Aonad Forbartha na Meán Ghaeilge a bheadh ag tiomáint na h-oibre seo.

Tá mórán buntáistí ann le infheistiú i bhforbairt na h-earnála Gaeilge. Tá an earnáil fréamhaithe ar an mórchuid i gceantair Ghaeltachta agus ins na réigiúin, agus dá réir, cuireann sí borradh faoi fhostaíocht agus fás ins na réigiúin seo. Is eiseamláir é an tionchar dearfach atá ag forbairt na hEarnála seo i gceantair mar Chonamara nó sa Rinn i bPort Láirge, mar a bhfuil ós cionn 400 fostaithe agus glúin óg lonnaithe sa Ghaeltacht i mbun gnó atá nuálaíocht, ceannródaíoch agus teanga bhunaithe.


Go raibh maith agaibh as éisteacht leis an ráiteas tosaigh seo agus fáiltíonn muid roimh cheisteanna maidir leis,

Le gach beannacht,



Lís Ní Dhálaigh, Stiúrthóir Margaíochta, Forbartha & Comhpháirtíochta TG4.

**Léarscáil de Chomhlachtaí Léiriúcháin, mórán acu atá fréamhaithe sna réigiúin, atá ag obair tré mheán na Gaeilge, agus atá ag cothú deiseanna fostaíochta agus forbartha ins na meáin Ghaeilge.**



## Cás le Aonad Forbartha na Meán Ghaeilge: comhfhiontar idir TG4, Údarás na Gaeltachta agus Fís Éireann.

- Tá gníomhaíochtaí ann a gcreideann an tionscal a chuirfeadh luach le hEarnáil Léirithe Scáileáin na Gaeilge agus na Gaeltachta - níl cuid acu á ndéanamh faoi láthair, níl cuid acu á ndéanamh go rialta agus níl cuid acu ag díriú ar riachtanais agus castachtaí sonracha Earnáil Léirithe Scáileáin na Gaeilge agus na Gaeltachta. E.g.:
- Forbairt agus coinneáil tallainne a rianú & tionchar ar an earnáil a thomhas.
- Ceannaireacht a thabhairt ar anailísí eacnamaíocha agus earnála ar Earnáil Léirithe Scáileáin na Gaeilge agus na Gaeltachta.
- Tacaíochtaí/cláir nua a aithint is féidir a chur i bhfeidhm chun fás na hearnála a chothú.

- Tá an earnáil fairsing agus tá roinnt eagraíochtaí bainteach le maoiniú, forbairt tallainne, tacú le nuálaíocht agus fás fiontraíochta agus post san earnáil srl.
- I gcás tallann nua, trádálaithe aonair agus comhlachtaí léiriúcháin níos lú, a bhfuil go leor acu lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach acu an bealach a dhéanamh.
- Tá gá le cosán soiléir d'earnáil Léirithe Scáileáin na Gaeilge agus na Gaeltachta chuig na tacaíochtaí agus na seirbhísí atá ríthábhachtach d'fhás agus d'fhorbairt.

- Tá go leor oibre le déanamh i bhforbairt scileanna agus tallainne chun an earnáil a fhás agus chun cosáin nua tallainne a chur ar fáil. Tá géarghá le díriú ar thallann a bhfuil Gaeilge acu a choinneáil (tallann a rianú & tionchar idirghabhálacha scileanna a thomhas).
- Tarraingíodh aird san aiseolas ó chuideachtaí ar an dúshlán atá ann dul i ngleic leis an iliomad cúrsaí scileanna, tacaíochtaí agus seirbhísí earnála agus tríú leibhéal atá ar fáil.
- Is gá cur leis na struchtúir atá ann cheana chun tacú go sonrach le hearnáil Léirithe Scáileáin na Gaeilge agus na Gaeltachta agus cosán soiléir a chur ar fáil do thallann nua & atá ann cheana féin chun na tacaíochtaí forbartha scileanna atá de dhíth orthu a aithint agus a fháil.




- Cás teangeolaíoch ar leith chun tacú leis an earnáil ar bhealach tiomnaithe.
- Tacaíonn léiriú scáileáin na Gaeilge go díreach leis an nGaeilge mar theanga oibre, mar theanga phobail agus tá pobail ar leith teanga sa Ghaeltacht a bhfuil oidhreacht shoch-chultúrtha agus teanga ar leith acu.
- Ní mór díonadh teanga a bheith mar chuid de na tacaí agus tionscnaimh forbartha earnála agus é a bheith íograithe agus struchtúraithe i gcoinne aon fhorbairtí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bheocht na Gaeilge.

- Tá cúraimí as cuimse ar na heagraíochtaí a thacaíonn le Léiriú Scáileáin, leis an nGaeilge agus leis an nGaeltacht. Tá an raon feidhme atá acu chun an fócas tiomnaithe is gá agus an leibhéal tacaíochta is gá a chur ar fáil chun fás a spreagadh, níos teoranta
- Ní bac ar fhás idirnáisiúnta í earnáil léirithe scáileáin na Gaeltachta agus na Gaeilge a fhás ach ní mór díriú ar an bhfás.
- Tá gá le struchtúr forbartha sainchuspóireach atá dírithe ar fhás agus ar fhorbairt earnáil léirithe scáileáin na Gaeilge agus na Gaeltachta a chothú ar an gcéad dul síos. Ach ní mór é a chomhtháthú i struchtúir agus i seirbhísí náisiúnta na hearnála, agus ní mór dó oibriú i gcomhar leo.

- Idirchaidreamh láidir idir tallann chruthaitheach, forbairt fiontar agus fiontraíocht. Tá comhoibriú earnála láidir ar fud na réimsí sin ach ní mór oibriú ar bhealach níos comhtháite fós.
- Léirigh aiseolas ó chomhlachtaí léiriúcháin Gaeilge easpa soiléireachta maidir leis na tacaíochtaí forbartha tionscail agus scileanna atá ar fáil in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Meastar gur earnáil í atá scoilte agus deacair le stiúradh.
- Is gá pointe rochtana agus cosán soiléir chuig tacaíochtaí agus seirbhísí do thallann agus do chuideachtaí a chur ar fáil.
- Fócas ar gach earnáil ábhair scáileáin Ghaeilge.

## Cás le Aonad Forbartha na Meán Ghaeilge: comhfhiontar idir TG4, Údarás na Gaeltachta agus Fís Éireann (leagan béarla)

# Strategic Importance of Irish Language Screen Unit




**1**

- Unique linguistic case to support the sector in a dedicated way.
- Irish language screen production directly supports Irish as a working, community language and the Gaeltacht comprises distinct language communities with a unique sociocultural and linguistic heritage.
- Linguistic proofing needs to be designed into sector development supports and initiatives and be sensitised to, and structured against, any developments which could potentially impact Irish language vitality.

**2**

- Remits of organisations supporting Screen Production, the Irish language and Gaeltacht are vast. Their scope to provide the dedicated focus required and level of support needed to drive growth, is more limited
- Opportunities to grow the Gaeltacht and Irish language screen production sector and language is not a barrier to international growth but growth needs to be focused on.
- A special-purpose development structure dedicated to fostering growth and development of the Irish language and Gaeltacht Screen Production sector first and foremost is needed. But it must be integrated into, and work collaboratively with, national sector structures and services.

**3**

- Strong inter-relationship between creative talent, enterprise development and entrepreneurship. Sector collaboration across these areas is solid but need to work in an even more joined up way.
- Feedback from Irish language production companies highlighted lack of clarity re. industry and skills development supports available in Ireland and internationally. The sector is perceived as fragmented and complex to navigate.
- Need to provide a clear access point and pathway to supports and services for talent and companies.
- Focus on all Irish language screen content sectors.

**4**

- Much work to be done in skills & talent development to grow the sector and provide new talent pathways. Critical need to focus on retaining Irish language talent (track talent & measure impact of skills interventions).
- Company feedback identified a challenge in navigating the many sector and third level skills courses, supports and services available.
- Need to complement existing structures to support the Irish language and Gaeltacht Screen Production sector specifically and provide a clear pathway for new & existing talent to identify and access the skills development supports they need.

**5**

- Sector is extensive and there are a number of organisations involved across funding, talent development, supporting innovation and growing enterprise and jobs in the sector etc.
- For new talent, sole traders and for smaller production companies, many of which are based in Gaeltacht areas, this can be challenging to navigate.
- There is a need for a clear pathway for the Irish language and Gaeltacht Screen Production sector to the supports and services which are critical for growth and development.

**6**

- There are activities which the industry believes would add value to the Irish language and Gaeltacht Screen Production Sector - some are not being done at present, some are not done regularly and some are not focusing on the specific needs and complexities of the Irish language and Gaeltacht Screen Production Sector. E.g.:
- Track talent development and retention & measure impact on the sector.
- Lead economic and sector analyses of the Irish language and Gaeltacht Screen Production Sector.
- Identify new supports / programmes which can be implemented to foster sector growth.